2025/1413

21.7.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1413 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 9 Iúil 2025

maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/1611 (BiH/40/2025)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES ón gComhairle an 12 Iúil 2004 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Iúil 2004, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES, lena bhforáiltear d'oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (Oibríocht ALTHEA).

(2) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Oibríocht ALTHEA('Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh').

(3) An 8 Deireadh Fómhair 2018, chinn an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i bprionsabal, tá Leas-Cheann Foirne Ard-Cheanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha san Eoraip le ceapadh mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh ón 29 Márta 2019, faoi réir dearbhú ó ECAT go mbeadh an duine sin ar fáil.

(4) An 7 Nollaig 2018, dhearbhaigh Comhairle an Atlantaigh Thuaidh go mbeadh Leas-Cheann Foirne Ard-Cheanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha san Eoraip ar fáil chun ról Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a ghlacadh faoi na socraíochtaí dá ngairtear 'Beirlín Plus', ón 29 Márta 2019.

(5) An 13 Meán Fómhair 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/1611 ([2]) lena gceaptar an Leifteanant-Ghinearál Hubert COTTEREAU, Leas-Cheann Foirne Ard-Cheanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha san Eoraip, mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh.

(6) An 16 Meitheamh 2025, chinn ECAT an Leifteanant-Ghinearál Ludovic PINON de QUINCY a cheapadh mar Leas-Cheann Foirne Ard-Cheanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha san Eoraip in ionad an Leifteanant-Ghinearál Hubert COTTEREAU ón 1 Lúnasa 2025. Ón dáta sin amach, ba cheart don Leifteanant-Ghinearál Ludovic PINON de QUINCY an Leifteanant-Ghinearál Hubert COTTEREAU, ina cháil mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh, a ionadú freisin.

(7) An 24 Meitheamh 2025, chomhaontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh a mholadh go n-ainmneofaí an Leifteanant-Ghinearál Ludovic PINON de QUINCY mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh ón 1 Lúnasa 2025.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/1611 a aisghairm.

(9) An 12 agus an 13 Nollaig 2002, ghlac Comhairle Eorpach Chóbanhávan dearbhú lena ndearbhaítear nach mbeidh feidhm ag na socraíochtaí dá ngairtear 'Beirlín Plus' agus a gcur chun feidhme ach amháin maidir leis na Ballstáit sin den Aontas is comhaltaí freisin de ECAT nó páirtithe i 'gComhpháirtíocht na Síochána' iad, agus a bhfuil comhaontuithe déthaobhacha slándála tugtha i gcrích acu le ECAT,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar an Leifteanant-Ghinearál Ludovic PINON de QUINCY, Leas-Cheann Foirne Ard-Ceanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha san Eoraip mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh d'oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ón 1 Lúnasa 2025.

([1]) IO L 252, 28.7.2004, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2004/570/oj.
([2]) Cinneadh (CBES) 2022/1611 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 13 Meán Fómhair 2022 maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2020/1010 (BiH/33/2022) (IO L 241, 19.9.2022, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1611/oj).

Airteagal 2

Aisghairtear leis seo Cinneadh (CBES) 2022/1611.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Iúil 2025.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK